

Comhlucht Forbartha na nDéise

# Plean 27

## Plean Forbartha do Ghaeltacht na nDéise 2023-2027

# Dréacht do Chomhairlúcháin Poiblí

# Clár


| | |
|---|---|
| Noda | Lch 3 |
| Cúlra | Lch 4 |
| Sonraí an Chomhluchta | Lch 6 |
| An Ceantar | Lch 7 |
| Taighde | Lch 8 |
| Struchtúir Feidhmithe | Lch 13 |
| Na Sruthanna | Lch 17 |
| Sruth 1 \| Forbairt Pobail | Lch 20 |
| Sruth 2 \| Pleanáil Teanga | Lch 30 |
| Monatóireacht & Athbhreithniú | Lch 42 |
| Poiblíocht | Lch 42 |

# Noda

| | |
|---|---|
| BIM | Bord Iascaigh Mhara |
| CCCPL | Comhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge |
| CCLPL | Coiste Cúram Leanaí Phort Láirge |
| CCT | Comhlacht Ceadaithe Tithíochta |
| CFD | Cór Fear na nDéise |
| CFnaD | Comhlucht Forbartha na nDéise c.t.r. |
| CFSP | Coiste Forbartha an tSean Phobail |
| CLGnaR | CLG na Rinne |
| CLGSP | CLG an tSean-Phobail |
| CMnaR | Coiste Maisithe na Rinne |
| CnaI | Coiste na hImearlainne |
| CnaT | Coiste na dTuismitheoirí |
| CAC | Céim ar Chéim |
| CNNG | Comhar na Naíonraí Gaeltachta |
| CO | An Chomhairle Oidhreachta |
| CPnaR | Comhairle Pobail na Rinne |
| CSnaD | Comhar Spóirt na nDéise |
| DGleG | Dún Garbhán le Gaeilge |
| EnaG | Ealaín na Gaeltachta |
| FBDIPL | Féile Bia Dún Garbhán agus Iarthar Phort Láirge |
| FP | Fiontar Pobail |
| GnaG | Glór na nGael |
| ITPL | Ollscoil Teicneolaíochta an Oirdheiscirt |
| LPT | Limistéir Pleanála Teanga |
| LRP | Líonra Rannpháirtíochta Pobail |
| LNS | Lios na Sióg |
| MSSN | Meánscoil San Niocláis |
| NNR | Naíonra na Rinne |
| OPT | Oifigeach Pleanála Teanga |
| PAnaD | Pobal ar Aire na nDéise |
| RTCEGSM | An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán |

| | |
|---|---|
| SNBMC | Scoil Náisiúnta Bhaile Mhic Airt |
| SNnaR | Scoil Náisiúnta na Rinne |
| SST | Scéim Shóisialta Tuaithe |
| TNT | Tionól Nioclás Tóibín |
| ÚnaG | Údarás na Gaeltachta |

# Cúlra

Cuireadh Comhlucht Forbartha na nDéise (CFnaD) ar bun i mBealtaine 2005. Comhpháirtíocht atá ann idir Coiste Forbartha an tSean-Phobail (CFSP) agus Comhairle Pobail na Rinne (CPnaR). Coistí iomlán deonacha a bhí agus atá iontu seo. Dhein na coistí agus muintir na háite achainí ar Údarás na Gaeltachta (ÚnaG) post mar 'Oifigeach/Áisitheoir Pobail' a cheadú don cheantar chun tacú le cúrsaí forbartha pobail. Ceadaíodh post do Ghaeltacht na nDéise ar an mbunús go dtiocfadh an dá choiste le chéile chun brat-eagraíocht amháin a bhunú a bheadh ag feidhmiú ar mhaithe leis an gceantar ar fad.

Naonúr atá ar bhord an Chomhluchta, ceathrar ionadaí ón Rinn, ceathrar ón Sean Phobal agus ionadaí neamhspleách ó Chomhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge.
Tagann an bord le chéile uair sa mhí agus é mar aidhm forbairt iomlán shóisialta, teanga, agus eacnamaíochta an cheantair a chur chun cinn. Ceann de na príomh aidhmeanna atá ag an gComhlucht ná buanú agus caomhnú na teanga mar theanga beo i mbéal an phobail.

Tá CFnaD ag feidhmiú mar eagrais forbartha do Ghaeltacht na nDéise ó lá a bhunaithe i leith. Is nós leis an gComhlucht Forbartha pleananna forbartha a ullmhú agus a chur i bhfeidhm. Tá pleananna forbartha agus pleananna teanga éagsúla foilsithe ag an gComhlucht thar na blianta.

*Plean Forbartha Ghaeltacht na nDéise 2006 – 2008*
*Plean Teanga Ghaeltacht na nDéise 2008 – 2010*
*Plean Trí Bliana Ghaeltacht na nDéise 2010 – 2013*
*Plean Teanga na nDéise 2018 - 2024*

Roghnaíodh CFnaD mar cheanneagraíocht chun plean teanga a réiteach do Limistéar Pleanála Teanga (LPT) na nDéise faoi Acht na Gaeltachta 2012, agus tá *Plean Teanga na nDéise 2018 – 2024* á gcur i bhfeidhm anois agus Oifigeach Pleanála Teanga fostaithe chuige sin.

Tá roinnt mhaith tuairiscí taighde agus staidéar féidearthachta curtha i gcrích ag CFnaD thar na blianta leis. Tá *Plean 27* bunaithe ar an obair seo agus tá sé i gceist tógáil ar an mbun obair atá déanta chun spriocanna an Chomhluchta a thabhairt chun tosaigh.

# Sonraí an Chomhluchta

**Ainm:** Comhlucht Forbartha na nDéise c.t.r.

**Seoladh:** Ionad Pobail na Rinne, An Rinn, Dún Garbhán, Co. Phort Láirge

**R-Phost:** cfdeise@gmail.com

**Fón:** (058) 46664 / (058) 46789

**Suíom Idirlíon:** www.deise.ie

**Uimhir Chláraithe:** 402334 **Uimhir Chláraithe Carthanais:** 20159740

**Cuspóir an Chomhluchta**


Forbairt a dhéanamh ar shaol sóisialta, eacnamaíochta agus cultúrtha phobal na nDéise, chun an timpeallacht is fearr a chruthú chun an Ghaeltacht agus an Ghaeilge a chaomhnú agus a láidriú. Forbairt Pobal na Rinne agus an tSean Phobail a thabhairt le chéile agus a chomhordnú, trí áiseanna agus seirbhísí a sholáthar don bpobal, ag díriú isteach ar na riachtanais faoi leith (agus difriúla) atá ag an dá leathpharóiste.

## Aidhmeanna an Chomhluchta

1. Buanú agus caomhnú na teanga mar theanga bheo i mbéal an phobail.
2. Gréasán pobail a chothú a chinnteoidh go mbeidh muintir na Rinne agus an tSean-Phobail gníomhach agus rannpháirteach i saol laethúil an cheantair.
3. Daoine óga neamhspleácha eolacha a fhorbairt, agus seirbhísí óige a sholáthair.
4. Cinntiú go mbeidh seirbhísí pobail ar fáil trí mhéan na Gaelainne.
5. Acmhainní nádúrtha a fhorbairt agus a chaomhnú.
6. Buan-chultúr na Gaeltachta a chosaint agus a neartú i measc an phobail.
7. Feiceálacht na teanga i dtírdhreach an cheantair a fhorbairt.
8. Dea-chaighdeán maireachtála a bheith ann do mhuintir na háite.
9. Caighdeán ard fostaíochta a chothú agus fiontair teanga-lárnach a bhunú

# An Ceantar

Tá Gaeltacht na nDéise lonnaithe cois mara in oirdheisceart grianmhar na tíre. Tá an ceantar suite ar leithinis thart ar 9km siar ó dheas ó Bhaile Dún Garbhán, baile atá aitheanta mar Bhaile Seirbhíse Gaeltachta anois. Tá Gaeltacht na nDéise suite leathslí idir Cathair Phort Láirge agus Cathair Chorcaí, taobh le príomhbhóthar an N25. Tá Gaeltacht na nDéise ar cheann de na Gaeltachtaí is lú sa tír le achar beagán os cionn 23.6 míle cearnach. Tá daonra de 1,816 duine i nGaeltacht na nDéise de réir daonáireamh 2016.




# Taighde

Aithnítear an tábhacht a bhaineann le bunús taighde láidir a bheith mar bhunús d'obair forbartha pobail agus d'obair pleanála teanga. Tá sé mar chuspóir ag Comhlucht Forbartha na nDéise taighde a dhéanamh i nGaeltacht na nDéise go tráthrialta. Tá dhá mór phíosa thaighde curtha i gcrích ag CFnaD ó bhunaíodh an Chomhlucht. D'fhoilsigh CFnaD an chéad mhór phíosa taighde, *Gaeltacht na nDéise, Anailís Riachtainas Socheacnamaíoch agus Cultúrtha*. sa bhliain 2007, agus cuireadh an ceann is déanaí i gcrích sa bhliain 2016 le linn ullmhú Phlean Teanga na nDéise.

Mar chuid den bpróiseas taighde a bhí curtha i gcrích d'ullmhú an phlean seo, deineadh suirbhé ar an bpobal. Bailíodh 43 freagraí ar fad ón suirbhé seo. Anuas ar an eolas sin, rinneadh agallamh le daoine i roinnt grúpaí eile sa cheantar.

Tugadh le fios sna freagraí don suirbhé go raibh cumas/úsáid na Gaelainne níos coitianta i measc na freagróirí seachas an ráta a bhí aitheanta sa taighde don bplean teanga. Tugadh le fios sa taighde a rinneadh mar chuid de Phlean Teanga na nDéise gurb as áit éigean eile seachas Gaeltacht na nDéise beagnach leath den bpobal ó dúchais, agus go raibh labhairt na Gaelainne níos coitianta i measc daoine de bhunadh na Gaeltachta. Is cosúil go bhfuil níos mó suime ag bunphobal na Gaeltachta i gcúrsaí forbartha pobail ina gceantar féin, agus go raibh seans níos airde ann an suirbhé a bheith líonta isteach ag daoine le líofacht Gaelainne dá bharr.




## Tithíocht

Le fada an lá, tá taithí achrannach ag an bpobal sna Déise le ceist na tithíochta. Is minic go mbíonn daoine ag féachaint ar fhorbairtí tithíochta sa cheantar mar bhagairt do stádas Gaeltachta an cheantair. Le linn tréimhse an Tíogair Ceiltigh, bunaíodh grúpa darb ainm 'Gaeltacht i mBaol' de bharr an bagairt a bhí ann do stádas Gaeltachta an cheantair de dheasca fhorbairtí móra tithíochta.

Tugadh le fios sna freagraí go bhfuil amhras ann i gcónaí maidir le forbairtí tithíochta móra agus an dochair gur féidir leo a dhéanamh d'úsáid na Gaelainne mar theanga an phobail.

> *"Níl aon tairbhe d'éinne in togra os cionn daichead tigh, ach amháin don bhforbróir, an úinéir talún agus an ceantálaí."*

Tugadh le fios go raibh tacaíocht forleathan ann do rialacha a thugann cosaint don teanga sa phróiseas pleanála. Luaigh roinnt daoine an gá le **coinníollacha teanga** níos láidre a chur i bhfeidhm ar cheadanna pleanála sa cheantar chun cosaint a thabhairt do stádas na Gaeltachta, agus dlús na gcainteoirí Gaelainn sa phobal a chaomhnú.





Moladh srian a chur ar thithe saoire a thógáil agus tithe a dhíol ar aghaidh mar thithe saoire. Mar sin féin, aithníodh sna freagraí nach leor é cur chuige chosantach amháin, bunaithe ar srianta agus coinníollacha a chur i bhfeidhm, chun stádas na Gaeltachta a chaomhnú. Bhí tuiscint ann go bhfuil fadhb suntasach sna Déise maidir le praghas na dtithe.

> *"Tá praghas na dtithe fós ró-ard sa cheantar. Dá mbeadh tithe ar fáil do chainteoirí dúchasacha nó cainteoirí Gaelainne le coinníollacha, bheadh sé iontach fiú a leithead a fhiosrú."*

Tá sé soiléir go bhfuil tacaíocht láidir ann do chur chuige réamhghníomhach maidir le cúrsaí tithíochta, ar mhaithe le tithe a fhreastalaíonn ar riachtanais an phobal áitiúil a sholáthair. Bhí **tithíocht inacmhainne** luaite thar aon ní eile mar riachtanas agus bhí tacaíocht forleathan ann don moladh go bhforbrófaí tithe inacmhainne sa cheantar.

*"Tithe inacmhainne do mhuintir na háite. GAN eastáit mhóra tithíochta a thógaint. Forbairt meáite, tomhaiste ag teastáil, a thugann stádas Gaeltachta an cheantair san áireamh."*





Thug go leor daoine le fios go dteastaíonn solúbthacht maidir le rialacha pleanála do mhuintir na háite, agus daoine le Gaelainn ionas go mbeidh siad in ann a dteach féin a thógáil sa cheantar. Bhí maolú ar rialacha pleanála do mhuintir na háite agus d'iarratasóirí le Gaelainn i measc na moltaí is coitianta a tháinig chun tosaigh sna freagraí ar an suirbhé.

## Tacaíochtaí Teaghlaigh agus Óige

Cuireadh go leor béime ar an gá le tacaíochtaí do thuismitheoirí atá ag iarraidh a gclann a thógáil le Gaelainn sna freagraí ar an suirbhé. Bhí an gá le Naíolann sa cheantar luaite sa tarna háit tar éis tithíocht inacmhainne sa cheantar mar riachtanas ag an bpobal.

> *"Ba cheart go mbeadh seirbhísí trí mheán na Gaelainne ar fáil do mhuintir na Gaeltachta ionas nach mbeidh aon dualgas orainn dul sa tóir orthu lasmuigh den cheantar Gaeltachta."*

Bhí éileamh ann do réimse leathan seirbhísí tacaíochta teaghlaigh léirithe sna freagraí don suirbhé. D'aontaigh breis is 95% leis an moladh go mbunófaí Ionad Tacaíochta Teaghlaigh sa cheantar.




Cuireadh béim i bPlean Teanga na nDéise ar chúrsaí teaghlaigh agus óige. Is léir ón taighde seo go bhfuil an béim seo ag teastáil agus go dteastaíonn tuilleadh infheistíocht sa réimse seo le riachtanais an phobail a chomhlíonadh.

> *"The lack of childcare facilities being run through Irish is significant and the priority in my view."*

## Áiseanna Pobail

Léiríodh go raibh éileamh do réimse leathan áiseanna pobail sa suirbhé. Bhí tacaíocht ard ann d'fhorbairt **Ionad Chultúrtha** nua sa cheantar. Bhí ionad dá leithead sa triú háit sna freagraí taobh thiar do thithe inacmhainne agus naíolann.

*Ionad ealaíne agus oidhreachta le h-amharclann nua-aimseartha ann le go bhfaighfí imeachtaí cultúrtha, drámaí agus ceolchoirmeacha a reáchtáil ann.*

Bhí go leor de na háiseanna a bhí aitheanta sa staidéar féideartha ar an Ionad Chultúir a bhí curtha i gcríoch ag CFnaD sa bhliain 2019 luaite sna freagraí maidir le áiseanna pobail a theastaíonn sa cheantar, mar shampla caifé, leabharlann pobail, agus amharclann. Bhí spás oifige agus spás cianoibre molta sna freagraí leis.

*Spás pobail agus spás oifige le leathanbhanda agus seirbhísí d'ardchaighdeáin do dhaoine atá ag iarraidh obair go cianda.*

Bhí roinnt moltaí déanta sna freagraí maidir le háiseanna a theastaíonn sa tSean-Phobal. Bhí láthair picnice, Imearlann agus siopa luaite sna freagraí.

*Bheadh Imearlann nó áit Shúgartha go hiontach sa tSean-Phobal mar shampla. Bheadh ionad phicnice go deas, le radharc na farraige.*

Bhí roinnt moltaí maidir le siúlóidí a fhorbairt sa cheantar agus raon rothaíochta a fhorbairt ar an bpríomhbhóthair sa Rinn.

*Tá dul chun cinn maith déanta le h-infrastruchtúir sa Rinn le tamall anuas le soilse nua srl ar na bóithre agus cosáin nua le teacht. B'fhiú go mór tacú le cur leis seo trí lánaí rothaíochta ar an bpríomhbhóthar tríd an bparóiste.*

# Struchtúir Feidhmithe

| Gníomh A | Forbairt ar struchtúir riartha CFnaD | | | |
|---|---|---|---|---|
| **Céimeanna a Theastaíonn** | **Toradh le Baint Amach** | **Scála Ama** | **Ceannaire** | **Páirtithe Leasmhara** |
| Cuirfear an Cód Rialachais i bhfeidhm san eagraíocht. | – Comhairleoir fostaithe chun athbhreathnú a dhéanamh ar CFnaD.<br>– Tuairisc ullmhaithe ar na gníomh a theastaíonn chun an Cód Rialachais a chur i bhfeidhm san eagraíocht. | R4-2023 | Bord na nIontaobhaithe | Governance Ireland |
| Fo-choistí a bhunú chun gnéithe d'obair an Chomhluchta a riaradh. | – Athbhreathnú déanta ar Pholasaí na bhFochoistí.<br>– Téarmaí Tagartha aontaithe d'fhochoistí nua. | R1 2023 | Bord na nIontaobhaithe | |
| Polasaithe a ullmhú de réir comhairle ó Governance Ireland. | – Beart polasaithe don gComhlucht ullmhaithe. | R4-2023 | Bord na nIontaobhaithe | ÚnaG |
| Athbhreathnú a dhéanamh ar polasaithe an Chomhluchta de réir sceideal a bheidh sonraithe sna polasaithe iad féin. | – Polasaithe athbhreithnithe faofa ag Bord na nIontaobhaithe. | De réir mar is cuí | Bord na nIontaobhaithe | |

| Gníomh B | Ionadaíocht a dhéanamh thar cheann pobal na Gaeltachta | | | |
|---|---|---|---|---|
| **Céimeanna a Theastaíonn** | **Toradh le Baint Amach** | **Scála Ama** | **Ceannaire** | **Páirtithe Leasmhara** |
| Sain-riachtanais na Gaeltachta a ardú mar chuid de phróiseas ullmhúcháin Plean Forbartha Cathrach agus Contae Phort Láirge. | - Spriocanna láidre soiléire glactha mar chuid de Phlean Forbartha Cathrach agus Contae Phort Láirge. | R3-2023 | Bainisteoir | CCCPL |
| Obair go dlúth le Comhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge le linn ullmhú Plean Ceantar Áitiúil do Ghaeltacht na nDéise. | - Plean Ceantar Áitiúil do Ghaeltacht na nDéise foilsithe. | R4-2023 | Bainisteoir | CCCPL |
| Stocaireacht a dhéanamh ar Chomhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge chun comhordú a dhéanamh ar pholasaí Gaelainne agus Gaeltachta an chontae agus ról comhairleach do ghrúpaí teanga. | - Straitéis Gaelainne agus Gaeltachta Phort Láirge foilsithe.<br>- Coiste Gaelainne agus Gaeltachta do Phort Láirge bunaithe. | R4-2023 | Bainisteoir | CCCPL |
| Ionadaíocht a déanamh thar cheann pobal na nDéise tríd an LRP. | - Ionadaíocht ag CFnaD ar choistí/ fóraim a imríonn tionchar ar fhorbairt na nDéise. | Go rialta | Bainisteoir | LRP |
| Páirt a ghlacadh i gcomórtas aitheantais mar chomórtas Glór na nGael thar cheann Gaeltacht na nDéise. | - Tuairisc rannpháirtíochta faighte. | Go bliantúil | Bainisteoir | GnaG, LRP, Cumann Tráchtála |


| Gníomh | C | Córas bolscaireachta a fhorbairt chun cumarsáid leis an bpobal a éascú | | |
|---|---|---|---|---|
| **Céimeanna a Theastaíonn** | **Toradh le Baint Amach** | **Scála Ama** | **Ceannaire** | **Páirtithe Leasmhara** |
| Suíomh idirlíon don gComhlucht Forbartha, le rannóg nua maidir leis na h-imeachtaí atá ar siúl sna Déise, agus rannóg miondíola do tháirgí áitiúla. | - Suíomh idirlíon foilsithe. | R3-2023 | Bainisteoir | CCCPL |
| Bunachar sonraí a fhorbairt, faoi réir na rialacha GDPR, ionas go mbeidh sé de chumas ag an gComhlucht eolas a roinnt ar an bpobal go héifeachtach. | - Bunachar sonraí ullmhaithe. | R2-2024 | OPT | |
| Mórchláir fógraíocht a chur in airde lasmuigh timpeall na Gaeltachta chun eolas a scaipeadh ar an bpobal. | - Mórchlár fógraíochta curtha in airde i nGaeltacht na nDéise. | R4-2025 | Bainisteoir | RTCEGSM |
| Bolscaireacht a dhéanamh ar obair an Chomhluchta agus fógraíocht a dhéanamh ar imeachtaí a bhíonn ar siúl i nGaeltacht na nDéise. | - Nótaí na Gaeltachta foilsithe go seachtainiúil.<br>- Eolas scaipthe ar na meáin sóisialta agus sna meáin áitiúla go rialta.<br>- Nuachtlitir scaipthe uair sa ráithe. | Go rialta | OPT | Na meáin áitiúla |

| Gníomh | D | Cluas éisteachta a thabhairt do ghuth an phobail i bhforbairt straitéisí agus i bhfeidhmiú tograí | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| **Céimeanna a Theastaíonn** | | **Toradh le Baint Amach** | **Scála Ama** | **Ceannaire** | **Páirtithe Leasmhara** |
| Leanfar ag tabhairt deiseanna don bpobal páirt a ghlacadh in obair CFnaD tríd na Meithleacha Oibre. Bunófar Meithleacha Oibre nua de réir mar is gá, le toill an bhoird. | | – Meithleacha Oibre ag obair faoi scáth CFnaD.<br>– Meithleacha Oibre nua bunaithe de réir mar is gá. | Go rialta | Bord na nIontaobhaithe | |
| Leanfar ag tabhairt deis don pobal tuairimí a léiriú ag amanna cuí maidir le obair CFnaD. | | – Deis tabhartha don bpobal tuairimí a léiriú i leith straitéisí, cláracha oibre agus staidéar féideartha. | De réir mar is cuí | Bainisteoir | |
| Taighde a dhéanamh ar stádas eacnamaíoch an cheantair, labhairt na teanga, agus mianta an phobal maidir le forbairt an cheantair. Tá sé i gceist go ndéanfaí taighde dá leithéid go tráthrialta, ar a laghad uair gach deich bhliain. | | – Tuairisc taighde foilsithe. | R4-2025 | Bainisteoir | CCCPL |

# Na Sruthanna

Is é atá i *bPlean 26* ná plean forbartha do Ghaeltacht na nDéise. Cinnteoidh na gníomh atá ann go mbeidh pobal níos láidre againn agus go gcuirfear seirbhísí níos fearr ar fáil do mhuintir na nDéise.

Tá *Plean 26* tógtha ar na pleananna forbartha a tháinig roimhe seo. Tá 12 réimse oibre ann lena n-áirítear spriocanna agus bearta nua a bhfuil sé d'aidhm acu tógáil ar bhunús atá forbartha cheana féin. Tá an creat bunaithe ar dhá sruth oibre:




Tosófar ag cur Plean 27 i bhfeidhm in 2023 agus leanfar leis go dtí deireadh shaolré an phlean sa bhliain 2027. Ullmhófar cláracha oibre bliantúla bunaithe ar na spriocanna agus bearta atá sonraithe thíos faoi réir na sruthanna oibre seo. Beidh foireann an Chomhluchta freagrach as na sruthanna oibre seo a fhorbairt agus a fheidhmiú. Beidh an Bainisteoir Forbartha freagrach as cúrsaí forbartha pobail, agus beidh an t-Oifigeach Pleanála Teanga freagrach as an bplean teanga a chur i bhfeidhm.

Tá acmhainní agus foireann an Chomhluchta teoranta, agus cuirfear an plean i bhfeidhm ar bhonn forchéimnitheach, diadh ar ndiaidh, dá réir. Beidh feidhmiú an phlean ag braith ar na hacmhainní cuí a bheith ar fáil chuige.

## Réimsí Oibre

**Forbairt Pobail**

1. Tithíocht
2. Bonneagar agus Áiseanna
3. Imeachtaí agus Seirbhísí Pobail
4. Turasóireacht
5. Timpeallacht agus Oidhreacht
6. Fiontraíocht

**Pleanáil Teanga**

7. Teaghlaigh agus an Óige
8. Oideachas
9. Cultúir agus na hEalaíona
10. Pobal agus Spórt
11. Gnó agus Fostaíocht
12. Turasóireacht agus Oidhreacht

## 1. Tithíocht

**Gníomh 1 Tithíocht inacmhainne a chur ar fáil do phobal na nDéise**

| Céimeanna a Theastaíonn | Toradh le Baint Amach | Scála Ama | Ceannaire | Páirtithe Leasmhara |
|---|---|---|---|---|
| Suíomh oiriúnach a fháil don scéim ar chostas íseal. Tá suíomh oiriúnach, atá i seilbh Údarás na Gaeltachta, aitheanta againn i mBaile na nGall. | – Socrú a dhéanamh le Údarás na Gaeltachta maidir le talamh an Údaráis i mBaile na nGall a chur ar fáil don bhforbairt ar chostas íseal. | R2-2023 | Meitheal Tithíochta | ÚnaG |
| Tuilleadh obair a dhéanamh le hailtirí agus suirbhéir cainníochta chun plean críochnúil a chur le chéile. | – Plean mionsonraithe don bhforbairt a ullmhú. | R2-2024 | Meitheal Tithíochta | ÚnaG, CCT |
| Tá criosú speisialta ar an suíomh atá aitheanta againn don togra seo. Dá bhrí sin, bheadh sárú ábhartha a fháil ar an gcriosú seo ag teastáil. Mar chuid d'iarratas ar chead pleanála, bheadh orainn sárú ábhartha a fháil don togra. | – Sárú ábhartha agus cead pleanála a fháil ón Údarás Pleanála don bhforbairt. | R2-2025 | Meitheal Tithíochta | CCT, CCCPL |
| Cuireadh a thabhairt do dhaoine iarratas a chur isteach le bheith páirteach sa scéim. | – Measúnú ar éileamh agus líosta iarratasóirí cáilithe a chur le chéile. | R2-2025 | Meitheal Tithíochta | CCT |
| Conraitheoir a cheapadh leis na tithe a thógáil faoi réir conradh a bheidh aontaithe. | – Tithe le bheith tógtha de réir an plean mionsonraithe/cead pleanála. | R4-2026 | CCT | Meitheal Tithíochta |

**Gníomh 2 Dóthain tithe sóisialta a sholáthair i nGaeltacht na nDéise le freastail ar éileamh áitiúil**

| Céimeanna a Theastaíonn | Toradh le Baint Amach | Scála Ama | Ceannaire | Páirtithe Leasmhara |
|---|---|---|---|---|
| Stocaireacht ar Chomhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge chun tithe sóisialta a fhorbairt i nGaeltacht na nDéise. | – Plean do sholáthair tithe shóisialta i nGaeltacht na nDéise. | R2-2025 | Bainisteoir | CCCPL |
| Stocaireacht ar Chomhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge chun coinníoll teanga/áitíochta a chur i bhfeidhm ar thithe sóisialta sa Ghaeltacht. | – Coinníoll teanga/áitíochta do thithe shóisialta a aontú leis an gComhairle. | R4-2023 | Bainisteoir | CCCPL |

**Gníomh 3 Inmharthanachta na Gaeltachta mar eintiteas teanga a chosaint sa chóras pleanála**

| Céimeanna a Theastaíonn | Toradh le Baint Amach | Scála Ama | Ceannaire | Páirtithe Leasmhara |
|---|---|---|---|---|
| Stocaireacht ar Chomhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge chun inmharthanacht na Gaeltachta mar phobal labhartha Gaelainne a chosaint sa chóras pleanála. | – Na spriocanna a bhaineann leis an nGaeltacht a chosaint i bPlean Forbartha Phort Láirge a láidriú. | R4-2023 | Bainisteoir | CCCPL |
| Scrúdú a dhéanamh ar iarratais pleanála sa cheantar do dhá theach nó níos mó. | – Aighneacht a chur faoi bhráid an tÚdarás Pleanála de réir mar is gá. | De réir mar is cuí | Bainisteoir | CCCPL |

## 2. Bonneagar agus Áiseanna

**Gníomh 4 Croílár an bhaile a fhorbairt ar thalamh an Údaráis i mBaile na nGall**

| Céimeanna a Theastaíonn | Toradh le Baint Amach | Scála Ama | Ceannaire | Páirtithe Leasmhara |
|---|---|---|---|---|
| Staidéar féidearthachta a dhéanamh ar chroílár an bhaile a fhorbairt ar thalamh an Údaráis i mBaile na nGall, plean gnó a ullmhú agus faisnéis a sholáthar d'iarratas maoinithe. | - Tuairisc agus plean gnó a fhoilsiú | R2-2024 | CFnaD | ÚnaG |
| Maoiniú d'ullmhú plean mionsonraithe don togra a fháil. | - Iarratas RRDF Catagóir 2 sheolta isteach | R4-2024 | ÚnaG | CFnaD |
| Coiste Stiúrtha idir na páirtithe leasmhara a thabhairt le chéile chun forbairt an togra a stiúradh. | - Coiste Stiúrtha bunaithe | R2-2025 | ÚnaG | CFnaD, CCCPL, ITPL |
| Comhordaitheoir a cheapadh chun forbairt an togra a stiúradh.. | - Comhordaitheoir fostaithe | R2-2025 | ÚnaG | CLPL |
| Mion dearadh a dhéanamh ar an bhforbairt, | - Plean mionsonraithe foilsithe | R2-2026 | Coiste Stiúrtha | |
| Cead pleanála a fháil don bhforbairt. | - Iarratas ar chead pleanála curtha faoi bhráid an tÚdarás Pleanála | R4-2026 | Coiste Stiúrtha | CCCPL |
| Maoiniú caipiteal a fháil. | - Iarratas RRDF Catagóir 1 sheolta isteach | R2-2027 | Coiste Stiúrtha | |
| Conraitheoir a cheapadh agus conradh seirbhíse a aontú leo. | - Próiseas R-Tairsceana curtha i gcríoch | R4-2027 | Coiste Stiúrtha | |
| Céim tógála | - Obair tógála curtha i gcríoch. | R4-2029 | Coiste Stiúrtha | |

| Gníomh 5 | Infheistíocht a dhéanamh i bhforbairt áiseanna pobail i nGaeltacht na nDéise | | | |
|---|---|---|---|---|
| **Céimeanna a Theastaíonn** | **Toradh le Baint Amach** | **Scála Ama** | **Ceannaire** | **Páirtithe Leasmhara** |
| Tabharfar tacaíocht do Comhairle Pobail na Rinne agus do Coiste Forbartha an tSean-Phobal chun cathaoireacha nua a fháil ar mhaithe le sábháilteacht sna hallaí. | - Cathaoireacha faighte don dá halla. | R1-2023 | Bainisteoir | CPnaR, CFSP |
| Tabharfar tacaíocht do Chomhairle Pobail na Rinne agus Coiste Forbartha an tSean Phobail cothabháil a dhéanamh ar an dá ionad pobail sa cheantar. | - Córas aibhléise in Ionad Pobail na Rinne ceartaithe. | De réir mar is cuí | CPnaR, CFSP | CFnaD |

| Gníomh 6 | Cothabháil cuí a dhéanamh ar áiseanna an cheantair | | | |
|---|---|---|---|---|
| **Céimeanna a Theastaíonn** | **Toradh le Baint Amach** | **Scála Ama** | **Ceannaire** | **Páirtithe Leasmhara** |
| Leanfar ag déanamh obair cothabhála ar na leithris poiblí i mBaile na nGall agus Ceann Heilbhic de réir comhaontú seirbhíse le CCCPL. | - Glanadh rialta déanta ar na leithris poiblí. | Go rialta | Bainisteoir | CCCPL |
| Leanfar ag soláthair deiseanna fostaíochta tríd na scéimeanna fostaíochta atá á riaradh ag CFnaD, an Scéim Tús agus an SST go háirithe. | - Daoine áitiúla fostaithe ar scéimeanna fostaíochta. | Go rialta | Bainisteoir | ÚnaG |
| Leanfar ag tacú le Coiste na hImearlainne maidir le cothabháil a dhéanamh ar an Imearlann. | - Cothabháil déanta ar an Imearlann. | De réir mar is cuí | Bainisteoir | CnaI |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| Déanfar iarratais ar mhaoiniú caipiteal a fháil i dtreo áiseanna poiblí ar nós an spás feistis ar Chóbh Heilbhic a fheabhsú | – Cothabháil déanta ar áiseanna poiblí sa cheantar | R2 2024 | Bainisteoir | CCCPL |

| Gníomh 7 | Feabhas a chur ar bhonneagar iompar poiblí, rothaíochta agus siúlóide sa cheantar | | | |
|---|---|---|---|---|
| **Céimeanna a Theastaíonn** | **Toradh le Baint Amach** | **Scála Ama** | **Ceannaire** | **Páirtithe Leasmhara** |
| Stocaireacht a dhéanamh ar Chomhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge, agus Roinn na Mara, maidir le dreidireacht a dhéanamh in Heilbhic. | - Maoiniú ceadaithe d'obair réamh-dhreidireachta. | Go rialta | Bainisteoir | CCCPL, Roinn na Mara |
| Stocaireacht a dhéanamh le Comhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge chun Raon Rothaíochta sábhailte a fhorbairt sa Rinn idir Maoil a' Choirne agus Ceann Heilbhic. | - Dearbhú faighte ó CCCPL go mbeidh Raon Rothaíochta forbartha sa Rinn. | R4-2023 | Bainisteoir | CCCPL |
| Stocaireacht a dhéanamh le Comhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge maidir le stórais rothair a fhorbairt in áiteanna poiblí oiriúnacha i nGaeltacht na nDéise. | - Dearbhú faighte ó CCCPL go mbeidh stórais rothair forbartha i nGaeltachta na nDéise. | R4-2023 | Bainisteoir | CCCPL |
| Leanfar ag iarraidh Scáthlán Bus a fháil ag staideanna bus sa Rinn agus sa tSean-Phobal. | - Scáthlán bus ar fáil i nGaeltacht na nDéise. | R4-2024 | Bainisteoir | Local Link |
| Iarrfar ar Chomhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge scéim ceansaithe tráchta a ullmhú agus a fhorbairt sa tSean-Phobal ar mhaithe le moill a chur ar an trácht ag SNBMA. | - Dearbhú faighte ó CCCPL go mbeidh scéim ceansaithe tráchta sa tSean-Phobal ullmhaithe. | R4-2024 | Bainisteoir | CCCPL, SNBMA, CFSP |
| Forbrófar cosáin agus siúlóidí i nGaeltacht na nDéise bunaithe ar moltaí an tuairisc "Siúlóidí sa Ghaeltacht, An Rinn / An Sean-Phobal". | - Raon siúlóide forbartha. | R4-2025 | Coiste Fáilte | CCCPL |

| Gníomh | 8 | Feabhas a chur ar áiseanna spóirt an cheantair | | |
|---|---|---|---|---|
| **Céimeanna a Theastaíonn** | **Toradh le Baint Amach** | **Scála Ama** | **Ceannaire** | **Páirtithe Leasmhara** |
| Leanfar ag tacú leis an gComhar Spóirt chun Páirc Uile Aimsire an tSean-Phobal a chur ar fáil don bpobal. | - Páirc Uile Aimsire ar fáil sa tSean-Phobal d'úsáid ag an bpobal. | De réir mar is cuí | Bainisteoir | CSnaD |
| Tacófar le Fiontair Pobail páirc uile aimsire a fhorbairt sa Rinn. | - Páirc Uile Aimsire forbartha sa Rinn. | De réir mar is cuí | Bainisteoir | Fiontar Pobail |

## 3. Imeachtaí agus Seirbhísí Pobail

| Gníomh | 9 | Seirbhísí a sholáthair don bpobal | | |
|---|---|---|---|---|
| **Céimeanna a Theastaíonn** | **Toradh le Baint Amach** | **Scála Ama** | **Ceannaire** | **Páirtithe Leasmhara** |
| Leanfar ag riaradh Scéim Foláireamh do Sheanóirí ar mhaithe le faoiseamh intinne a thabhairt do sheanóirí na nDéise. | - Cnaipí práinne ar fáil do sheanóirí i nGaeltacht na nDéise. | Go rialta | Bainisteoir | PAnaD |
| Gréasán dífhibrileoirí a fhorbairt i nGaeltacht na nDéise. | - Dífhibrileoirí curtha ar fáil go poiblí i nGaeltacht na nDéise.<br>- Cothabháil rialta déanta ar na dífhibrileoirí. | R1-2023<br>Go bliantúil | Bainisteoir | CPnaR, CLGnaR, CCCPL, CLGSP, MSN |
| Tabharfar tacaíocht do bhunú seirbhís Béilí ar Rothaí i nGaeltacht na nDéise i bpáirt le Lárionad Lae na nDéise. | - Seirbhís béilí ar Rothaí ar fáil i nGaeltacht na nDéise. | R4-2025 | Lárionad Lae na nDéise | CFnaD |
| Tacófar le bunú coiste nua chun Cuibhreann an tSean-Phobal a riaradh. | - Coiste nua bunaithe. | R4-2026 | Bainisteoir | CFSP |

## 4. Turasóireacht

**Gníomh 10 Cúrsaí turasóireachta a fhorbairt sa cheantar ar scála oiriúnach**

| Céimeanna a Theastaíonn | Toradh le Baint Amach | Scála Ama | Ceannaire | Páirtithe Leasmhara |
|---|---|---|---|---|
| Lorgófar spás oifige oiriúnach agus inrochtana a feidhmeoidh mar phointe eolais & spás buail isteach do thurasóirí agus pobal na háite | - Ionad Eolais do Thurasóirí ar fáil | R2 2024 | Bainisteoir | |
| Forbrófar suíomh idirlíon nua chun an cheantar a chur chun cinn, agus bolscaireacht a dhéanamh ar imeachtaí sa cheantar. | - Suíomh idirlíon foilsithe. | R4-2023 | Bainisteoir | Coiste Fáilte |
| Cuirfear comharthaí turasóireachta in airde i nGaeltacht na nDéise sa bhreis ar na cinn atá curtha in airde cheana. | - Comharthaí turasóireachta curtha in airde. | R3-2024 | Bainisteoir | Coiste Fáilte |
| Léarscáil stróic leat / bileoga eolais a fhorbairt mar ábhar bolscaireachta don gceantar. | - Léarscáil stróic leat / bileoga eolais ar fáil sa cheantar. | R4-2025 | Bainisteoir | Coiste Fáilte |
| Leanfar ag forbairt brandáil do Ghaeltacht na nDéise. | - Treoirlínte d'úsáid branda na nDéise forbartha.<br>- Branda na nDéise in úsáid go forleathan sa cheantar. | R4-2025 | Bainisteoir | Coiste Fáilte |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| Forbrófar scéal na háite mar fhíseán ar mhaithe le bolscaireacht a dhéanamh ar an gceantar. | Scéal na nDéise foilsithe mar fhíseán. | R4-2025 | Bainisteoir | Coiste Fáilte |

## 5. Timpeallacht agus Oidhreacht

**Gníomh 11 Láthair stairiúla i nGaeltacht na nDéise a chaomhnú.**

| Céimeanna a Theastaíonn | Toradh le Baint Amach | Scála Ama | Ceannaire | Páirtithe Leasmhara |
|---|---|---|---|---|
| Cuirfear moltaí Plean Caomhnaithe Reilig Bhaile Aicéadaigh (2016) i bhfeidhm | – Cothabháil déanta ar Reilig Bhaile an Aicéadaigh. | R4-2024 | Bainisteoir | Comhairle Oidhreachta<br>Coiste Forbartha an tSean Phobail |
| Ullmhófar Plean Caomhnaithe ar láthair staire i nGaeltacht na nDéise. Clúdaithe sa phlean seo, bheadh iniúchadh ar na háiteanna stairiúla atá ar fáil sa cheantar agus plean caomhnaithe ar na láthair is tábhachtaí. | – Plean caomhnaithe do láthair staire i nGaeltacht na nDéise ullmhaithe. | R4-2025 | Bainisteoir | Comhairle Oidhreachta, Comhairleoir, Coiste Fáilte |
| Cuirfear moltaí an plean caomhnaithe i bhfeidhm diaidh ar ndiaidh mar chuid de cláracha oibre bliantúla an Chomhluchta. | – Cothabháil déanta ar láthair staire i nGaeltacht na nDéise. | R4-2027 | Bainisteoir | Comhairle Oidhreachta |

**Gníomh 12 Láthair Timpeallachta i nGaeltacht na nDéise a chaomhnú**

| Céimeanna a Theastaíonn | Toradh le Baint Amach | Scála Ama | Ceannaire | Páirtithe Leasmhara |
|---|---|---|---|---|

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| Páirc poiblí bithéagsúlachta a fhorbairt i nGaeltacht na nDéise. | - Páirc poiblí bithéagsúlachta forbartha i nGaeltacht na nDéise. | R4-2029 | Bainisteoir | CCCPL, ÚnaG, CnaI |

# 6. Fiontraíocht

## Gníomh 13 Spás oifige agus gnó a fhorbairt i nGaeltacht na nDéise

| Céimeanna a Theastaíonn | Toradh le Baint Amach | Scála Ama | Ceannaire | Páirtithe Leasmhara |
|---|---|---|---|---|
| Aonaid Fiontraíochta agus gTeic a fhorbairt i nGaeltacht na nDéise ar mhaithe le spás a chur ar fáil do chomhlachtaí miondíola, ceardaíochta, agus déantúsaíochta sna Déise. | - Aonaid fiontraíochta agus GTeic forbartha. | R4-2029 | ÚnaG | CFnaD |

## Gníomh 14 Fuinnimh in-athnuaite a fhorbairt

| Céimeanna a Theastaíonn | Toradh le Baint Amach | Scála Ama | Ceannaire | Páirtithe Leasmhara |
|---|---|---|---|---|
| Staidéar féidearthachta ar fhuinneamh in-athnuaite a fhorbairt i nGaeltacht na nDéise faoi scáth an Chomhlucht Forbartha a ullmhú. | - Tuairisc ar fhuinneamh in-athnuaite a fhorbairt i nGaeltacht na ndéise foilsithe. | R4-2024 | Bainisteoir | ÚnaG |

## 7. Teaghlaigh agus an Óige

**Gníomh 15** **Córas cuimsitheach seirbhísí tacaíochta teaghlaigh a fhorbairt i nGaeltacht na nDéise**

| Céimeanna a Theastaíonn | Toradh le Baint Amach | Scála Ama | Cea nnai re | Páirtithe Leasmhara |
|---|---|---|---|---|
| 6.1.2.2.B \| Pacáistí Tacaíochta Teaghlaigh a sholáthair. | – Pacáiste Tacaíochta Teaghlaigh a chur le chéile agus a scaipeadh. | R4-2024 | OPT | Tuismitheoirí na Gaeltachta |
| 6.1.2.2.B \| Scéim Cuairteanna Baile a eagrú i nGaeltacht na nDéise. | – Cuairteoirí baile a fhostú, léirithe spéise a lorg, agus cuairteanna baile a eagrú. | R4-2024 | OPT | Tús Maith |
| 6.1.2.2.D \| Clár Cúramóirí Leanaí le Gaelainn líofa a chur le chéile. | – Clár Cúramóirí Leanaí foilsithe. | R3-2025 | OPT | Tuismitheoirí na Gaeltachta |
| 6.1.2.2.B \| Grúpa Tuismitheoirí agus Leanaí a bhunú | – Grúpa bunaithe | R1-2023 | OPT | Tuismitheoirí na Gaeltachta |
| 6.1.2.2.D \| Plean d'Ionad Tacaíochta Teaghlaigh a fhorbairt. | – Staidéar Féidearthachta a fhoilsiú | R1-2026 | OPT | ÚnaG |

| Gníomh | 16 | Imeachtaí Sóisialta do Theaghlaigh | | |
|---|---|---|---|---|
| **Céimeanna a Theastaíonn** | **Toradh le Baint Amach** | **Scála Ama** | **Ceannaire** | **Páirtithe Leasmhara** |
| 6.1.2.2.C \| Tacaíocht a thabhairt d'imeachtaí sóisialta do theaghlaigh. | – Iarratais ar chúnamh a phróiseáil. | De réir mar is cuí | OPT | |
| 6.1.2.2.C \| Clár imeachtaí sóisialta do theaghlaigh ar aoiseanna éagsúla a fhorbairt agus a chur i gcrích | – Imeachtaí sóisialta & spraíúla do theaghlaigh. | Go bliantúil | OPT | |

**Gníomh 17 Imeachtaí sóisialta agus seirbhísí curtha ar fáil don óige**

| Céimeanna a Theastaíonn | Toradh le Baint Amach | Scála Ama | Ceannaire | Páirtithe Leasmhara |
|---|---|---|---|---|
| 6.1.2.4.A \| Tacaíocht a thabhairt d'imeachtaí do dhaoine óga | – Iarratais ar chúnamh a phróiseáil agus ócáidí agus imeachtaí a eagrú. | De réir mar is cuí | OPT | |
| 6.1.2.4.A \| Club Óige a bhunú | – Bunchlub a bhunú sa Rinn agus sa tSean-Phobal. | | OPT | Muintearas |
| 6.1.2.4.B \| Tacú i dtreo Campa Cásca na Gaeltachta a chur ar siúl. | – Campa na Cásca a eagrú | Go Bliantúil | OPT | |
| 6.1.2.4.B \| Tacú i dtreo Rógairí na Gaeltachta a chur ar siúl. | – Rógairí na Gaeltachta a eagrú | Fhaoi dhó sa bhliain | OPT | |
| 6.1.2.5.A \| Ceardlanna Foghlama Gaelainne | – Ceardlanna foghlama Gaelainne a eagrú do pháistí. | R4 2024 | OPT | |
| 6.1.2.5.A \| Seachadha Teanga Idirghlúnach | -Ócáidí agus imeachtaí a eagrú a chabhróidh leis an spreioc seo a bhaint amach | Go leanúnach | OPT | |
| | – Teaghlaigh cláraithe & gníomach sa scéim Cuideachta le Tuismitheoirí na Gaeltachta | R4 2023 | Tuismitheoirí na Gaeltachta | OPT |

# 8. Oideachais

## Gníomh 18 Áit na Gaelainne inár gcóras oideachais a bhuanú

| Céimeanna a Theastaíonn | Toradh le Baint Amach | Scála Ama | Ceannaire | Páirtithe Leasmhara |
|---|---|---|---|---|
| 6.2.2.1.A \| Meitheal Oideachais Ghaeltacht na nDéise a bhunú. | – Meitheal Oideachas a bhunú agus cruinnithe rialta a eagrú. | R4 2023 | OPT | SNNR<br>SNBMA<br>MSSN |
| 6.2.2.2.A \| Timpeallacht Ghaelach san Oideachas a chruthú. | – Acmhainní a sholáthair.<br>– Feachtas feasachta a eagrú. | Go Leanúnach<br>R3 2025 | OPT | Meitheal Oideachais |
| 6.2.2.4.B \| Ábhar saibhrithe i nGaelainn na nDéise a sholáthair. | – Iarratais ar chúnamh a phróiseáil. | De réir mar is cuí | OPT | Meitheal Oideachais |
| 6.2.2.4.B \| Tacú le hinstitiúidí oideachais an cheantar foinsí maoinithe agus tacaíochta seachtracha maidir le buanu na Gaeilge a aimsiú. | – Maoiniú agus tacaíochta seachtracha faighte | De réir mar is cuí | OPT | Meitheal Oideachais |

## Gníomh 19 Ceart ag gach uile páiste sa Ghaeltacht oideachas lán-Ghaelainne a fháil

| Céimeanna a Theastaíonn | Toradh le Baint Amach | Scála Ama | Ceannaire | Páirtithe Leasmhara |
|---|---|---|---|---|

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| 6.2.2.3.A \| Leanúnachas san Oideachas Gaeltachta. | – Imeachtaí a eagrú a thacaíonn le leanúnachas san Oideachas Gaeltachta. | Go bliantúil | OPT | Meitheal Oideachais |
| 6.2.2.3.B \| Feachtas Feasachta d'Oideachas Gaeltachta. | – Feachtas poiblíochta a eagrú. | Go bliantúil | OPT | Meitheal Oideachais |

## Gníomh 20 Tacaíocht do Gníomhaíochtaí Seach-Churaclaim

| Céimeanna a Theastaíonn | Toradh le Baint Amach | Scála Ama | Ceannaire | Páirtithe Leasmhara |
|---|---|---|---|---|
| 6.2.2.4.A \| Tacaíocht a thabhairt do Gníomhachtaí Seach-Churaclaim. | – Iarratais ar chúnamh ó scoileanna an cheantar a phróiseáil. | De réir mar is cuí | OPT | Meitheal Oideachais |
| 6.2.2.4.A \| Scéim CLG a riaradh. | – Leanfar ag riaradh an scéim CLG, i bpáirt le scoileanna agus clubanna CLG an cheantair. | Go bliantúil | OPT | Meitheal Oideachais, CLG |

## Gníomh 21 Deiseanna aosoideachais a chur ar fáil trí mheán na Gaelainne

| Céimeanna a Theastaíonn | Toradh le Baint Amach | Scála Ama | Ceannaire | Páirtithe Leasmhara |
|---|---|---|---|---|
| 6.2.2.6.A \| Scéim Líofa a fhorbairt agus a riaradh. | – Daoine a chlárú don Scéim Líofa.<br>– Tacaíochtaí Leanúnacha a sholáthair. | R1 2024 | OPT | |
| 6.2.2.6.A \| Cúrsa Oiliúna i gCúram Leanaí. | – Cúrsa curtha ar fáil. | R2 2025 | OPT | BOOPLLG |
| 6.2.2.6.A \| Cúrsa Garchabhrach i nGaelainn a eagrú. | – Cúrsa curtha ar fáil. | R3 2024 | OPT | BOOPLLG CLG |
| 6.2.2.6.A \| Tacaíocht a thabhairt d'eagrú ranganna agus ceardlanna i nGaelainn. | – Iarratais ar chúnamh a phróiseáil. | Go leanúnach | OPT | BOOPLLG |

## 9. Cultúr agus na hEalaíona

**Gníomh 22 Imeachtaí cultúrtha a chur ar fáil don bpobal**

| Céimeanna a Theastaíonn | Toradh le Baint Amach | Scála Ama | Ceannaire | Páirtithe Leasmhara |
|---|---|---|---|---|
| 6.3.2.1.B \| Tacaíocht a thabhairt d'imeachtaí cultúrtha sa cheantar. | – Iarratais ar chúnamh a phróiseáil. | De réir mar is cuí | OPT | Ealaín na Gaeltachta |
| 6.3.2.1.B \| Sraith imeachtaí cultúrtha agus sóisialta trí Ghaeilge a eagrú. | – Féilire Imeachtaí a fhoilsiú [6.3.2.1.B] | Go bliantúil | OPT | Ealaín na Gaeltachta |
| 6.3.2.1.B \| Leanfar ag tacú le seisiúin amhránaíochta ar an Sean-Nós a eagrú. | – Ócáid amhránaíochta a eagrú | Go bliantúil | OPT | Ealaín na Gaeltachta |
| 6.3.2.1.B \| Leanfar ag eagrú imeachtaí i nGaeltacht na nDéise go bliantúil d'Oíche Chultúir. | – Ócáid saor in aisce a eagrú d'Oíche Chultúir. | Go bliantúil | OPT | Ealaín na Gaeltachta |
| 6.3.2.2.A \| Féilte nua a fhorbairt sa cheantar. | – Féile nua eagraithe i nGaeltacht na nDéise. | Go bliantúil | OPT | Ealaín na Gaeltachta |

| Gníomh 23 | Infheistíocht a dhéanamh in infrastruchtúr cultúrtha an cheantair | | | |
|---|---|---|---|---|
| **Céimeanna a Theastaíonn** | **Toradh le Baint Amach** | **Scála Ama** | **Ceannaire** | **Páirtithe Leasmhara** |
| 6.3.2.3.A \| Tuilleadh obair a dhéanamh ar 'Dúthaigh Geal Déise' agus forbairt a dhéanamh ar seannosbeo.ie. | – Moltaí Dúthaigh Gael Déise a fheidhmiú<br>– Tuilleadh ábhar a thaifead agus a chur le Sean-Nós Beo | R3 2026 | OPT | |
| 6.3.2.3.B \| Coimisiúnú a dhéanamh ar shaothar cultúrtha. | – Iarratais ar chúnamh a phróiseáil. | De réir mar is cuí | OPT | Ealaín na Gaeltachta |
| 6.3.2.1.A \| Tréimhsí cónaitheacha a chur ar fáil d'ealaíontóirí aitheanta. | – Scéim d'Ealaíontóir Cónaitheach a eagrú. | Go bliantúil | OPT | Ealaín na Gaeltachta |
| 6.3.2.3.B \| Coimisiúnú a dhéanamh ar dhráma Gaelainne. | – Drámaí nuachumtha a sholáthair. | R1 2023 | OPT | Ealaín na Gaeltachta |
| 6.3.2.1.C \| Nasc Cultúrtha le Tír Cheilteach | – Iarratais ar chúnamh a phróiseáil. | De réir mar is cuí | OPT | Scéim Cholmcille |
| 6.3.2.1.D \| Scéim Ullmhúcháin a eagrú | – Ceardlanna sna h-ealaíona traidisiúnta a eagrú. | Go bliantúil | OPT | |
| 6.3.2.1.E \| Aitheantas do Shaibhreas Cultúrtha an Cheantair | – Cobhoibriú agus tacú le hócaidí ar nós Tionól Niocláis Tóibín agus Comhluadar an Earraign agus an Fhomhair a chur ar siúl | Go bliantúil | OPT | TNT |

| | | |
|---|---|---|
| | - Sraith podchraoltaí a chur ar fáil ar líne ag plé amhránaithe agus cainteoirí dúchasacha an cheantair bunaithe ar shean-thaifeadtaí ón gceantar. | R4 2023 |

# 10. Pobal agus Spórt

## Gníomh 24 Imeachtaí sóisialta

| Céimeanna a Theastaíonn | Toradh le Baint Amach | Scála Ama | Ceannaire | Páirtithe Leasmhara |
|---|---|---|---|---|
| 6.4.2.2.B \| Tacaíocht a thabhairt d'imeachtaí sóisialta sa cheantair. | - Iarratais ar chúnamh a phróiseáil. | De réir mar is cuí | OPT | |
| 6.4.2.2.B \| Leanfar ag tacú le coistí agus eagraíochtaí áitiúla imeachtaí agus ócáidí a eagrú | - Ócáidí curtha ar súil. | De réir mar is cuí | OPT | CCCPL |

## Gníomh 25 Seirbhísí pobail a sholáthair i nGaelainn

| Céimeanna a Theastaíonn | Toradh le Baint Amach | Scála Ama | Ceannaire | Páirtithe Leasmhara |
|---|---|---|---|---|
| 6.4.2.2.A \| Polasaí Teanga a chur i bhfeidhm i ngrúpaí pobail. | - Polasaí teanga curtha i bhfeidhm. | R4 2024 | OPT | |
| 6.4.2.2.C \| Pacáiste Fáilte a chur ar fáil do theaghlaigh ag bogadh isteach chuig an gceantar chun feasacht maidir le na buntáistí páistí a thógáil trí Ghaeilge a fhorbairt | - Pacáiste ullmhaithe agus curtha ar fáil. | R4 2023 | OPT | Tuismitheoirí na Gaeltachta |

| Gníomh | 26 | Córas poiblíochta a fhorbairt chun eolas a scaipeadh ar an bpobal | | |
|---|---|---|---|---|
| **Céimeanna a Theastaíonn** | **Toradh le Baint Amach** | **Scála Ama** | **Ceannaire** | **Páirtithe Leasmhara** |
| 6.4.2.4.A \| Córas bolscaireachta a fhorbairt | - Bunachar sonraí a fhorbairt.<br>- Nuachtlitir foilsithe go rialta. | R1 2024<br>Gach ráithe | OPT | |
| 6.4.2.4.A \| Ballaí na nDéise | – Mórphictiúir déanta ar Ionad Pobail na Rinne. | R1 2023 | OPT | Waterford Walls |
| 6.4.2.4.A \| Leabhrán eolais faoin bPlean Teanga | – Leabhrán eolais a ullmhú agus a scaipeadh. | R3 2024 | OPT | |

# 11. Gnó agus Fostaíocht

## Gníomh 27 Úsáid na Gaeilge sa réimse gnó a threisiú

| Céimeanna a Theastaíonn | Toradh le Baint Amach | Scála Ama | Ceannaire | Páirtithe Leasmhara |
| --- | --- | --- | --- | --- |
| 6.5.2.1.A \| Polasaí teanga a chur i bhfeidhm i bpáirt le gnólachtaí sa Ghaeltacht. | – Polasaí teanga curtha i bhfeidhm i gnólachtaí sa Ghaeltacht. | R4 2025 | OPT | |
| 6.5.2.3.A \| Gradam Gnó a fhorbairt | – Gradam a bhronnadh ar gnó sa Ghaeltacht. | R4 2024 | OPT | Dún Garbhán le Gaeilge |
| 6.5.2.3.A \| Gnóthaí an cheantar a bheith claraithe le GRADAIM, | Gradaim Gnó Náisiúnta a bheith bronta ar gnóthaí sa Ghaeltacht | R1 2024 | OPT | Glór na nGael |
| 6.5.2.3.B \| Gairm le Gaelainn | – Ceardlainne a sholáthair. | R2 2024 | OPT | |
| 6.5.2.3.C \| Eolaire Gnó | – Eolaire a ullmhú agus a fhoilsiú | R4 2025 | OPT | |

## 12. Turasóireacht agus Oidhreacht

**Gníomh 28 Earnáil na turasóireachta chultúrtha a fhorbairt i nGaeltacht na nDéise**

| Céimeanna a Theastaíonn | Toradh le Baint Amach | Scála Ama | Ceannaire | Páirtithe Leasmhara |
|---|---|---|---|---|
| 6.6.2.1.A \| Cúrsa oiliúna don earnáil turasóireachta | – Cúrsa curtha ar siúl. | R3 2024 | OPT | An Coiste Fáilte |
| 6.6.2.1.A \| Cairt Teanga a ullmhú agus a chur i bhfeidhm i gnólachtaí turasóireachta i nGaeltacht na nDéise. | – Cairt foilsithe agus aontaithe le gnólachtaí turasóireachta sa cheantar. | R1 2025 | OPT | An Coiste Fáilte |
| 6.6.2.1.B \| Feachtas Bolscaireachta | – Físeáin faoin gceantar foilsithe<br>– Ábhar margaíochta faoin gceantar foilsithe | R3 2024<br>R1 2025 | OPT | An Coiste Fáilte |
| 6.6.2.1.C \| Deireadh seachtaine Gaeltachta a eagrú | – Deireadh seachtaine Gaeltachta curtha ar fáil. | R1 2025 | OPT | An Coiste Fáilte |
| 6.6.2.2.B \| Comharthaíocht | – Comharthaí turasóireachta breise curtha in airde sa Ghaeltacht. | R4 2023 | OPT | An Coiste Fáilte |

| Gníomh 29 | Oidhreacht an Cheantar a Chaomhnú agus a chur ar fáil don bpobal | | | |
|---|---|---|---|---|
| **Céimeanna a Theastaíonn** | **Toradh le Baint Amach** | **Scála Ama** | **Ceannaire** | **Páirtithe Leasmhara** |
| 6.6.2.3.B \| Oidhreacht chultúrtha a Chaomhnú. | – Iarratais ar chúnamh a phróiseáil. | De réir mar is cuí | OPT | |
| 6.6.2.3.B \| Inneacsú a dhéanamh ar an Linn Bhuí. | – Inneácsdigiteach den Linn Bhuí a fhoilsiú. | R4 2026 | OPT | CCCPL<br>Coláiste na Rinne |
| 6.6.2.3.B \| Suíomh an Stór Oidhreachta a fhorbairt agus a fheabhsú. | – Ábhar breise a chur leis an Stór Oidhreachta. | R3 2025 | OPT | |

| Gníomh 30 | Plean Teanga nua a ullmhú do Ghaeltacht na nDéise | | | |
|---|---|---|---|---|
| **Céimeanna a Theastaíonn** | **Toradh le Baint Amach** | **Scála Ama** | **Ceannaire** | **Páirtithe Leasmhara** |
| Plean Teanga nua a thiocfaidh i gcomarbacht ar Phlean Teanga na nDéise 2018-2024 a ullmhú. | – Plean Teanga na nDéise 2 a fhoilsiú. | R2 2025 | OPT | ÚnaG |

# Monatóireacht & Athbhreithniú

Aithníonn Comhlacht Forbartha na nDéise go mbeidh gá le tabhairt faoi monatóireacht leanúnach le linn saolré an phlean ar mhaithe le dul chun cinn a mheas. Cuirfear an plean i bhfeidhm de réir a chéile bunaithe ar chláracha oibre bliana a bheidh aontaithe le ÚnaG. Deis a bheidh ann in ullmhú na cláracha oibre bliana seo monatóireacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm an phlean. Cuirfear tuairisc deireadh bliana le chéile ina bhfuil scagadh ar fheidhmiú an chláir oibre a bhí leagtha síos ag tús na bliana. Cuirfear moltaí na tuairisce seo san áireamh in ullmhú an chéad chlár oibre bliana eile. Déanfar é seo chun a chinntiú go n-oibríonn an plean agus chun súil a choimeád ar na dúshláin agus na fadhbanna a d'fhéadfadh teacht chun cinn. Leasófar an plean de réir mar is cuí chun spriocanna an phlean a bhaint amach.

Déanfar athbhreithniú ar an bplean ina iomláine i mbliain a trí. Cuirfear tuarascáil le chéile bunaithe ar an athbhreithniú, ina mbeidh cur síos ar an ndul chun cinn a deineadh maidir leis na spriocanna éagsúla. Beidh saoirse ag Bord an Chomhluchta, de réir na moltaí a thiocfaidh chun cinn faoin bpróiseas athbhreithnithe, athruithe a dhéanamh ar an bplean, spriocanna nua a aithint, agus beartais nua a cheapadh chun fís an phlean a bhaint amach. Déanfar athbhreithniú eile ag tús bliain a cúig mar bhunús d'ullmhú plean forbartha nua a thiocfaidh chun cinn sa bhliain 2027.

# Poiblíocht

Foilseofar an dréachtphlean go háitiúil agus déanfar chomhairliúcháin leis an bpobal. Beifear ag iarraidh muintir na háite a chur ar an eolas faoi cad go díreach atá sa phlean agus conas gur féidir leo a bheith páirteach sa chur i bhfeidhm. Bainfear úsáid as na meáin áitiúla agus na meáin sóisialta chun eolas faoin bplean a scaipeadh.
Beidh sé tábhachtach chomh maith teagmháil a dhéanamh leis na páirtithe leasmhara chun go bhfaighidís tuiscint ar an bplean ina iomláine agus an ról agus páirt a bheifí ag lorg orthu chun na spriocanna a bhaint amach. Cuirfear fáilte roimh

aiseolas faoin bplean agus leasófar an phlean bunaithe ar an aiseolas sin roimh an plean deiridh a fhoilsiú.

Déanfar poiblíocht ar an bplean tráth a fhoilsithe. Cuirfear béim ar bhuaicphointí an phlean agus na buntáistí don cheantar a bhaineann leis. Déanfar poiblíocht chuí ar bhearta an phlean ar thograí eile a bheidh idir lámha ar mhaithe le pobal na Gaeltachta. Déanfar poiblíocht leanúnach le linn cúig bhliain an phlean chun an pobal a choimeád ar an eolas mar gheall ar dul chun cinn leis an bplean a chur i bhfeidhm.

Gaeltacht na nDéise